Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

SCÉIM GARRAITHE SCÓIR CHOMHAIRLE CATHRACH NA GAILLIMHE

MEITHEAMH, 2024

Ceapach talún is ea garraí scóir a chuirtear ar fáil don gharraíodóireacht aonair, neamhthráchtála nó chun plandaí bia a fhás. Tá dhá láithreán garraithe scóir ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe sa Chathair faoi láthair agus tá sé i gceist tuilleadh láithreán a fhorbairt. Is infheidhme an Scéim seo maidir le haon cheapacha neamhshealbhaithe nó nua a leithdháileadh.

Prionsabail Ghinearalta

- Fógrófar cuirí do/lorgófar iarratais gach dhá bhliain ó dhaoine ar spéis leo garraí scóir.
- Fanfaidh na hiarratais sin gníomhach ar feadh tréimhse dhá bhliain nó go dtí go n-athfhógrófar iarratais.
- Coinneofar iarratais a gheofar sna comhaid i rith na tréimhse sin i gcás go dtiocfadh aon cheapacha neamhshealbhaithe nó nua chun cinn. Tar éis a n-athfhógartha, scriosfar aon iarratais nár éirigh leo roimhe.

Critéir cháilithe

- Caithfidh iarratasóirí a bheith ina gcónaí sa Chathair.
- Ní fhéadfaidh iarratasóirí ach aon limistéar rogha amháin a roghnú. Is iad Taobh Thoir nó Taobh Thiar na Cathrach na limistéir rogha (i.e. aon limistéir Soir/Siar ó Abhainn na Gaillimhe).
- Níl cead ach iarratas amháin a dhéanamh, sin le rá, iarratas aonair nó comhiarratas
- Is é 50m^2 méid gach ceapaí.

Leithdháileadh na gCeapacha Neamhshealbhaithe

- Tar éis an dáta deiridh, sórtálfar na hiarratais de réir an limistéir rogha Thoir/Thiar. Más mó líon na n-iarratas a fhaightear ná líon na gceapach atá ar fáil faoi láthair, tarraingeofar na hiarratais de réir crannchuir ansin.
- Tarlóidh an crannchur sin i láthair Comhalta Tofa ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus baill foirne ón Rannóg Caitheamh Aimsire & Conláiste. Déanfar cinneadh maidir leis an gceapach a leithdháilfear i dtosach agus ansin tarraingeofar an t-iarratasóir a n-éireoidh leis nó léi chun dul leis an gceapach neamhshealbhaithe sin. Leanfar ar aghaidh le tarraingt sin na n-iarratasóirí go dtí go líonfar gach ceapach neamhshealbhaithe dá bhfuil ar fáil faoi láthair.
- Tarraingeofar 20 iarratasóir breise i gcomhair gach limistéir rogha mar liosta feithimh i gcás go dtiocfadh aon fholúntais chun cinn ina dhiaidh i rith na tréimhse sin – déanfar an chéad cheapach eile dá mbeidh ar fáil ina limistéar rogha a thairiscint do na hiarratasóirí sin de réir mar a thagann siad chun cinn.
- Tarlóidh tuilleadh tarraingtí ar an mbealach céanna sa chás go mbeadh ceapach leithdháilte ar gach duine ar na liostaí feithimh sin.
- Síneoidh an Comhalta Tofa/ball foirne ábhartha ón Rannóg Caitheamh Aimsire & Conláiste a bheidh i láthair ag an gcrannchur bileoga liostaí na tarraingthe.
- Eiseofar litreacha tairisceana chuig na hiarratasóirí rathúla agus uimhir na ceapaí ábhartha á leagan amach chomh maith le léarscáil ar leagan amach an láithreáin.
- Tabharfar dhá sheachtain oibre d'iarratasóirí chun glacadh leis an tairiscint, agus mura nglacfar amhlaidh léi, measfar gur diúltaíodh di agus déanfar an cheapach a thairiscint don chéad iarratasóir eile ar an liosta feithimh don limistéar rogha sin agus don riachtanas maidir le méid na ceapaí.
- I gcás nach bhfreagróidh iarratasóir do thairiscint nó go ndiúltóidh sé nó sí don tairiscint, bainfear a n-iarratas den liosta i gcomhair aon tairiscintí ina dhiaidh agus déanfar an cheapach a thairiscint don chéad iarratasóir eile ar an liosta feithimh ansin don limistéar rogha sin.
- Maidir le hiarratasóirí a ghlacann le ceapach a dhéanfar a thairiscint, ceanglófar orthu an méid seo a leanas a dhéanamh:
    1. Éarlais in-aisíoctha a íoc le haghaidh eochair na ceapaí. Déanfar an éarlais sin a aisíoc i gcás go ndéanfar ceapach a athshealbhú/a thabhairt suas agus gan aon táillí amuigh ag sealbhóir na ceapaí tráth a tugtha suas/a hathshealbhaithe.

2. Táille bliantúil a íoc i gcomhair ceapach iomlán, nó i gcás go gcuirfidh duine fianaise isteach go bhfuil íocaíocht ón Roinn Coimirce Sóisialaí nó pinsean á fháil acu, is infheidhme táille bliantúil laghdaithe maidir leo siúd (50% den táille ceapaí bliantúil iomlán). Ba cheart fianaise ar ioncam laghdaithe a thaispeáint agus an táille ábhartha á íoc leis an bhFoireann Seirbhísí do Chustaiméirí. Is é an tionónta a bhíonn freagrach as cíos a íoc cibé acu an éilítear sin go foirmiúil nó mura n-éilítear.
3. An Comhaontú Ligin a shíniú agus a sheoladh ar ais chuig an Rannóg Caitheamh Aimsire & Conláistí mar aon le fianaise ar íocaíocht na héarlaise don eochair & an táille ceapaí bliantúil. Agus sin faighte ag an Rannóg Caitheamh Aimsire & Conláistí, eiseofar eochair an gharraí scóir do shealbhóir nua na ceapaí.

- I gcás go dtagann athrú ar chúinsí tionóntaí comhpháirteacha rathúla i.e. is mian le tionónta comhpháirteach a (h)ainm a bhaint den tionóntacht, éascófar leis sin nuair a bheidh gach coinníoll eile den comhaontú ligin comhlíonta. I gcás nach n-aontóidh ceachtar de na páirtithe a n-ainmneacha a bhaint, fanfaidh an cheapach sin in ainmneacha comhpháirteacha go dtí go mbeidh an cheapach le hathnuachan.
- I gcás gur mian le tionónta tionónta comhpháirteach a chur leis an gcomhaontú, éascófar sin agus an comhaontú tionóntachta á athnuachan go bliantúil.

Coinníollacha na Scéime

Fad	• Is ar feadh tréimhse 12 mhí ón dháta sínithe an chomhaontaithe a bheidh gach Comhaontú Ligin. • Agus an tréimhse 12 mhí sin ag dul in éag, tabharfar do thionónta, a mbeidh téarmaí agus coinníollacha uile an chomhaontaithe tionóntachta á gcomhlíonadh aige nó aici, rogha chun síneadh a chur lena dtionóntacht agus comhaontú ligin nua á shíniú ar feadh 1 bhliain bhreise nó go dtí go n-athfhógrófar na garraithe scóir, cibé ceann is luaithe a tharlóidh. • Agus tréimhse thosaigh an dá bhliain ag dul in éag, i gcás go ndéanfaidh aon tionóntaí reatha athiarratas, tabharfar tús áite dóibh má bhíonn téarmaí & coinníollacha uile an chomhaontaithe tionóntachta comhlíonta roimhe acu.
Cíos	• Déanfar athbhreithniú gach 2 bhliain ar an gcíos a bheidh le híoc.
Eochracha	• Gheobhaidh an tionónta eochair ar íocaíocht tháille bliantúil ábhartha na ceapaí chomh maith le héarlais eochrach in-aisíoctha. Bíonn an éarlais sin in-aisíoctha nuair a thabharfar suas / a athshealbhófar an cheapach agus gach coinníoll eile den chomhaontú tionóntachta comhlíonta m.sh. íocaíocht an chíosa cothrom le dáta. • I gcás gur grúpa cláraithe a bhíonn i gceist leis na tionóntaí rathúla, b'fhéidir gur féidir éarlais eochrach eile a íoc le haghaidh eochracha breise agus an cheapach á fáil i dtosach báire. • I gcás go gcuirfidh iarratasóir eochair an gharraí scóir amú/go gcailleann sé/sí í, beidh sé riachtanach táille athsholáthair a íoc chun eochair eile a fháil. Is mó an táille sin ná an táille in-aisíoctha tosaigh.
Méid na Ceapaí	• Is é 5m x 10m achar iomlán na ceapaí i ngarraí scóir i gcoitinne agus áirítear sa mhéid sin leathchuid de gach ceann de na conairí máguaird.
Úsáid	• Ní sholáthraíonn an chomhairle seirbhís chun ceapach a ghlanadh do thionóntaí nua. • Caithfidh an tionónta an talamh a úsáid mar gharraí scóir agus ní chun críoch ar bith eile ar chor ar bith. • Caithfear iomlán an cheapach a shaothrú chun torthaí agus glasraí a tháirgeadh nó chun sin a shaothrú go príomha. • Caithfear an cheapach a chothabháil de réir dea-chaighdeáin saothraithe agus go mbeidh bail ghlan néata uirthi, saor ó fhiailí agus leasaithe go maith le haoileach.

	• Coimeádann an tiarna talún ceart na hathiontrála aige nó aici chun cigireacht a dhéanamh ag am ar bith lena chinntiú go mbíonn an cheapach á saothrú ag an tionónta de réir théarmaí na tionóntachta.
Spraenna agus Leasacháin	• Caithfidh an tionónta gach aire réasúnta a thabhairt do chrainn, d'fhálta agus do bharraí ar cheapacha taobh lena c(h)eann féin agus leasachán agus spraenna á n-úsáid. • Má tharlaíonn aon damáiste, is é an tionónta a bheidh freagrach as aon damáiste dá ndéantar a chur ina cheart. • Caithfidh an tionónta ceimiceáin a roghnú lena mbaineann an dochar is lú do chomharsana, don phobal, d'éin agus don fhiadhúlra.
Claíocha agus fálta	• Is é an tionónta a bhíonn freagrach as gach claí nó fál inmheánach a sholáthar agus a chothabháil agus ní mór é a athsholáthar mura féidir é a dheisiú. • Is é an tiarna talún a bhíonn freagrach as ballaí, fálta, claíocha agus geataí timpeall an láithreáin.
Crainn & Fásra Aibí	• Ní mór don tionónta gan aon chrainn nó toir thorthaí a chur lena mbaineann tréimhse aibíochta is faide ná 12 mhí gan toiliú scríofa an tiarna talún roimh ré. • Is é maoin de chuid an tiarna talún crainn a bhíonn ag fás ar chodanna comhchoiteanna de láithreán garraithe scóir agus ní mór gan damáiste ná prúnáil a dhéanamh orthu nó iad a ghearradh gan chead riarthóir na ngarraithe scóir roimh ré. Is iad na tionóntaí faoi seach a bhíonn freagrach as crainn a fhásann ar cheapacha, agus ní sholáthraíonn an tiarna talún seirbhís phrúnála i gcomhar na gcrann sin.
Diúscairt	• Ní mór don tionónta gan aon dramhaíl nó ábhar atá ag lobhadh a dhiúscairt in aon fhál, díog nó clais laistigh de láithreán na ngarraithe scóir. Caithfear gach ábhar dá leithéid a dhiúscairt ar bhealach freagrach. Ní ceadmhach é a fhágáil in áit ar bith ar láithreán na ngarraithe scóir. • Ní sholáthraíonn an tiarna talún seirbhíse bhailithe bruscair do thionóntaí na ngarraithe scóir.
Conairí & Bóithre Comhchoiteanna	• Ní mór don tionónta gan aon bhacainn a chur ar, nó cúngú ar aon chonair nó bhóthar a sholáthraítear le húsáid ag na sealbhóirí garraí scóir ar fad ar an láithreán. Tá dianchosc ar shreang dheilgneach a úsáid ar aon chlaí taobh le conair chomhchoiteann. • Caithfidh an tionónta a chinntiú go gcothabhálfar gach fál agus claí ar chonairí laistigh den láithreán.

	• Is iad na tionóntaí a bhíonn freagrach as bail shábháilte mhaith a choinneáil ar chonairí na ngarraithe scóir. Bíonn gach tionónta freagrach as na conairí timpeall a c(h)eapaí agus is iad na tionóntaí ar fad i gcomhar le chéile a bhíonn freagrach as conairí comhchoiteanna a chothabháil. Ní sholáthraíonn an tiarna talún seirbhís ghearrtha féir do thionóntaí agus ní ligeann sé/sí ciumhaisirí ar cíos, ná ní thugann sé/sí ar iasacht iad.
Foirgnimh	• Ní mór don tionónta gan aon fhoirgnimh, cosúil le tithe gloine nó seideanna, a thógáil gan toiliú scríofa an tiarna talún roimh ré; níl toiliú dá leithéid le coinneáil siar go míréasúnta.
Soláthar & Sceitheadh Uisce	• Bíonn soláthar uisce ar gach láithreán, agus áirítear costas uisce sa chíos. Má tharlaíonn sceitheadh uisce, téigh i dteagmháil leis an tiarna talún le do thoil. •
Beacha, foichí & creimirí	• Gníomhaíocht úsáideach is ea an bheachaireacht ar gharraithe scóir, agus spreagtar í faoi réir ag roinnt srianta. • Ó am go chéile, tógann beacha agus foichí fiáine neadacha ar gharraithe scóir agus téann creimirí chun cónaí iontu. Ní sholáthraíonn an chomhairle seirbhís do shealbhóirí ceapacha chun iad sin a dhiúscairt.
Ainmhithe	• Ceadaítear don tionónta líon chomh mór le 10 gcearc nó 10 gcoinín a choinneáil ar cheapach an gharraí scóir, agus ní mór gan í a úsáid i dtaca le haon trádáil nó gnó. • Bíonn an tionónta freagrach as a chinntiú nach gcuireann aon chearca nó choiníní isteach ar shealbhóirí na ngarraithe scóir lena dtaobh ná nach údar iad le haon bhagairt sláinte dóibh. • Ábhar tánaisteach is ea cearca nó coiníní a choinneáil le hais phríomh-úsáid cheapach an gharraí scóir chun torthaí agus glasraí srl. a shaothrú. • Caithfear aon mhadra dá dtabharfar isteach ar an gceapach a choinneáil ar iall.
Núis	• Ní ceadmhach don tionónta aon ghníomh nó neamhghníomh a dhéanamh nó a cheadú ar an ngarraí scóir a d'fhéadfadh a bheith ina údar núise don Chomhairle, dá tionóntaí nó d'úinéirí talún taobh leo. • Caithfear deireadh a chur le gach núis dá leithéid láithreach ar fhógra a fháil ón Tiarna Talún.
Tinte Cnámh	• Ní cheadaítear tinte cnámh ar na ceapacha nó ar limistéir máguaird.

Sannadh	• Ní ceadmhach don tionónta sealbhú cheapach an gharraí scóir, nó aon chuid den cheapach, a shannadh, a aistriú, a ligean ar fholéas nó thabhairt uaidh nó uaithi, gan toiliú scríofa an Tiarna Talún roimh ré.
Reacht agus Fodhlíthe	• Caithfidh an tionónta gach reacht agus aon Fhodhlíthe áitiúla, lena rialaítear úsáid gharraithe scóir, a chomhlíonadh.
Seoladh a Athrú	• Caithfidh an tionónta aon athrú ar a s(h)eoladh a chur in iúl don tiarna talún láithreach.
Díospóid	• Cuirfear aon díospóid idir sealbhóirí garraithe scóir ar aghaidh chun na Comhairle, agus cinneadh críochnaitheach is ea aon chinneadh ina leith.
Sláinte & Sábháilteacht	• Tá sé tábhachtach go mbíonn sealbhóirí garraithe scóir ar an eolas faoi na himpleachtaí Sláinte, Sábháilteachta & Leasa a bhaineann le bheith ina s(h)ealbhóir garraí scóir agus i leith na nguaiseacha agus contúirtí a d'fhéadfadh a bheith ann; 1. Sábháilteacht Phearsanta – rannchuidítear le timpeallacht níos sábháilte duit féin agus do chuairteoirí ar do cheapach i gcás go saothraíonn tú go maith í agus go gcoinníonn tú í saor ó bhruscarnach & nithe caite timpeall uirthi. 2. Lotnaidicídí & leasacháin – caithfidh tú a chinntiú go mbíonn tú eolach ar na guaiseacha a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis na táirgí sin a úsáid agus go ndéanann tú na réamhchúraim chuí shábháilteachta de réir chomhairle na lipéad; 3. Ag Ardú Rudaí – déan de réir na nósanna imeachta cearta i gcónaí maidir le nithe a láimhseáil de láimh agus tú ag ardú nithe troma cosúil le málaí muirín – iarr ar chomhshealbhóir garraí scóir cabhrú leat; 4. Uirlisí – Úsáid na huirlisí don fheidhm dá dearadh iad. Iarr comhairle ó shealbhóirí garraí scóir a bhfuil tuilleadh taithí acu maidir leis na teicnící cearta agus an tslí cheart do cholainn a iompar, freastail ar chúrsa gairneoireachta; 5. Ag Obair i d'Aonar – Cinntigh go n-inseoidh tú cá bhfuil tú ag dol do dhuine eile i gcónaí agus coinnigh fón soghluaiste leat. Féach oibriú ag na hamanna céanna is a bhíonn daoine eile agus uaireanta neamhshóisialta a sheachaint; 6. Feithiclí – ní cheadaítear feithiclí ar láithreán na ngarraithe scóir.

Cinneadh	Is féidir leis an Tiarna Talún deireadh a chur leis an tionóntacht trí cheann ar bith de na bealaí seo a leanas: • Trí fhógra scríofa a thabhairt 1 mhí amháin roimh ré mura n-íoctar an cíos nó cuid den chíos le breis is 40 lá; • Trí fhógra scríofa a thabhairt 1 mhí amháin roimh ré má bhíonn ceann ar bith de na coinníollacha sa chomhaontú tionóntachta á shárú ag an tionónta; • Trí fhógra scríofa a thabhairt 1 mhí amháin roimh ré mura cónaitheoir i gCathair na Gaillimhe an tionónta a thuilleadh; • Trí fhógra scríofa a thabhairt 3 mhí roimh ré má bhíonn an talamh riachtanach chun críoch ar bith faoi fhoráil reachtúil lena n-áirítear bóithre agus séaraigh a bhíonn riachtanach chun na críche sin agus ní gá láithreán malartach a sholáthar. • Ar bhás an tionónta. Is féidir leis an tionónta deireadh a chur leis an tionóntacht trí fhógra scríofa a sheoladh chuig an tiarna talún 3 mhí roimh ré. • Beidh an tionónta freagrach as an tiarna talún a chúiteamh má bhíonn aon mheath tagtha ar bhail na ceapaí de thoradh theip an tionónta í a shaothrú, agus dá bharr sin go díreach.